

## Ceacht Cré le Naónáin (1)

### ‘Créatúir Aisteacha’

Gemma Mc Girr

|   |   |
|---|---|
| <b><u>Snáth Curaclaim:</u></b>  | Cré (Curaclam Amharcealaíona lch. 21)   |
| <b><u>Cuspóir:</u></b>  | Féidearthachtaí cré mar mheán don chur in iúl samhláioch a fhiosrú agus a fhionnachtan (lch. 21)<br>Déan cruth as cré agus déan láimhsíú air leis na méara chun ábhar a chur in iúl (lch. 21)   |
| <b><u>Nasc:</u></b>   | Péint agus Dath > Úsáid dath chun mothúcháin, eispeiris agus nithe samhlaithe a bhfuil cuimhne láidir orthu a chur in iúl (lch. 19)<br>Líniocht > Déan líniochtaí bunaithe ar mhothúcháin a bhfuil cuimhne láidir orthu, ar eispeiris fhíora agus shamhlaithe agus ar scéalta (lch. 18) |
| <b>Féidearthachtaí Imeasctha:</b>   |   |
| Teanga labhartha: <i>Dírigh ar shonra tuairisciúil agus bí níos soiléire maidir le daoine, áiteanna, amanna, próisis, imeachtaí, dath, cruth, méid, ionad</i> (lch. 20) |   |

#### **An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:**

**Ag tosú:** Sula dtosaím rang ealaíne sílim gur mór an chabhair í cleachtadh beag a dhéanamh leis na leanáí chun a gcuid samhláiochta a scaoileadh saor agus chun timpeallacht shábháilte a chruthú sa seomra ranga dóibh ar mhaithé lena saothar a thaispeáint agus a phlé gan eagla ná náire. “Nuair a bhí mise i mo leanbh d’fhéadfadhl sé sé seachtaíne a thógaint orainn grianghraif a chur chuig mo chol ceathracha san Astráil. Is féidir linn grianghraif a sheoladhanois i gcúpla nóiméad le fón pocá! Is féidir é seo a dhéanamh mar gheall ar gur bhain daoine úsáid as a gcuid samhláiochta. Is féidir le rud ar bith tarlú inár samhláiocht má ligimid dó! Dún do shúile agus samhláigh doras mór. Tig le dath ar bith is mian leat a bheith air. Scríofa i litreacha móra ar an doras tá an focal SAMHLAÍOCHT. Sín amach do lámh agus oscail an doras go mall, scaoil amach do shamhláiocht! Oscail do shúile agus lig dom an loinnir a fheiceáil iontu! Is féidir linn ár rogha rud a dhéanamh anois, tá ár samhláiocht ag obair agus is duine ar leith gach duine dínn!”

**Ábhair Riachtanacha:** Cré potaire  
Cláir adhmaid nó cárta láidir (chun obair air)  
Uirlísí cré nó cipíní líreacáin  
Buicéad plaisteach le clúdach teann, nó málaí plaisteacha chun an chré a stóráil

**Spreagadh:** Tabhair liathróid chré do gach leanbh de mhéid a bheadh compórdach ina lámh. Iarr orthu a rá conas a mhothaíonn an chré - ‘fuar, greamaitheach, salach, steamhain, fliuch, tais’ a deirtear de ghnáth. “An féidir leat an chré a phriocadh? Cad a tharlaíonn nuair a phriocann tú é? Cén chuma atá air? An gcuireann sé aon rud i gcuimhne duit? Prioc go minic é, agus cén chuma atá anois air? Rollaigh ina liathróid é agus sáfaimís ár méara sa chré. Bain triail as sin ar an gcré go léir. An gcuireann sé aon rud i gcuimhne duit? Déan cur síos air. Cad a tharlaíonn má fháiscimid an chré? Tabhair fáisceadh an-mhór dó! Fáisc le do dhá lámh é. Cén chuma atá air anois? Má lúbaimid an chré cad a tharlaíonn? Cén chuma atá air? Lúb go láidir é! Má bhriseann sé an féidir linn é a chur le chéile aris? Bain triail as lúbanna beaga ar an gcré go léir. Cén chuma atá air? An bhfaca tú a leithéid riagh cheana? Bainmis triail as an chré a fháisceadh, a phriocadh, a tharraingt, a shá agus a lúbadh. Cén chuma

atá anois air? An bhfaca tú a leithéid riamh cheana? Cad a d'fhéadfá a thabhairt air?"

#### **Gníomhaíocht:**

Cuir liathróid chré le do chluais agus abair leis na leanaí go gcloiseann tú fuaim éigin. Bí chomh drámatúil agus is mian leat agus é seo á dhéanamh agat, is breá leis na leanaí é! larr orthu ‘eísteacht’ lena liathróid chré féin. “An gcloiseann tú aon rud? An bhfuil rud éigin sa chré ag iarradh teacht amach? Cén fhuaim a dhéanann sé? An rud beag nó móré?” Mínigh gur féidir leo cabhrú tríd an chré a phriocadh, a bhrú, a fhaisceadh, a tharraingt agus a lúbadh. Cad iad na cruthanna a thagann as an gcré, iarr ar na leanaí tuairisc a thabhairt fúthu. “An bhfaca tú ceann riamh cheana? An gcuireann sé aon rud a chonaic tú riamh cheana i gcuimhne duit? An féidir leat ainm a chur air? Conas a bhogann sé? Cé mhéid cos atá air? Conas a itheann sé? Cad a thaitnionn leis a ithe? An bhfuil teaghlaigh aige? An bhfuil aon chara aige? An dtéann sé ar scoil? Cad iad na cluichí a thaitnionn leis a imirt?” Bíonn an chré á láimhseáil ag na leanaí agus tuairisc á thabhairt acu ar a ‘gcréatúir’, agus na huirlísí cré á n-úsáid acu chun uigeacht a chur sa chré. Ag deireadh an cheachta, mínigh do na leanaí go bhfuil turise ar an gcréatúr beag agus go dteastaíonn uaidh dul abhaile, ach go dtiocfaidh sé ar ais lá éigin eile. Mura mbíonn sé in ann teacht, b’fhéidir go dtiocfaidh duine dá chairde ina áit! Níos déanaí b’fhéidir gur mhaith leis na leanaí a gcuid créatúr a ‘choinneáil’, is féidir iad a fhágáil ag triomú agus iad a phéinteáil más mian leis na leanaí.

#### **Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:**

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Féadfaidh na leanaí tuairisc a thabhairt ar a seal féin faoina bhfuil déanta acu agus ceisteanna a chur ar a chéile faoi na créatúir a fuair siad i bhfolach sa chré. Spreag na leanaí chun amharc ar shaothar Antony Gormley agus é a phlé, go háirithe a shaothar ‘Field for the British Isles’. An féidir leo a rá conas a rinne sé na figíúirí cré go léir atá sa saothar?

#### **Gníomhaíochtaí Breise:**

Nuir a bhíonn am tugtha do na leanaí chun cré a fhionnachtan féadfaidh siad créatúir fhíora agus shamhalta de gach cineál a fháil sa chré, ainmhithe, carachtair as scéalta agus as dánta.

#### **Féidearthachtaí TCF:**

[http://www.handsoncrafts.org/studio\\_frame.htm](http://www.handsoncrafts.org/studio_frame.htm)

Is suíomh idirghníomhach é seo a ligean do leanaí crúiscín aghaidhe a chruthú ar líne. (Beidh gá le Shockwave ar do ríomhaire.)

#### **Ag baint úsáide as an DVD**

##### **Is Ealaíontóir mé:**

Tugann na cláir Cré ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag úsáid cré mar mheán chun iad féin a chur in iúl go samhlaioch.

#### **Nóta:**

Fuair mé amach gurbh fhearr sprae plandaí a úsáid chun an chré a choinneáil tais agus na leanaí ag obair. Má fhágtar soithigh uisce ar na boird i Ranganna Naónán tig le cré imeacht ina shruthanna i ngach treo!

#### **Ealaíontóirí Ábhartha:** Antony Gormley

##### **Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Field for the British Isles

[http://www.antonygormley.com/full\\_list/280x1\\_field\\_for\\_british.htm](http://www.antonygormley.com/full_list/280x1_field_for_british.htm)

Suíomh oifigiúil idirlín Anthony Gormley

<http://www.antonygormley.com>

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga

<http://www.scoilnet.ie>